

AN T-IOMAIRE RUA

Bhí Micheál Breathnach ag cainnt indu faoi Iomaire an Lionáin. Deir sé go bhfuil ceann thiar an Iomaire i naice le ceann an Chaoláire. Bíonn Seán mac Con Ríogh, Leitir Daimh ag cainnt go minic ar an Iomaire Rua. Deir Seán go bhfuil an t-Iomaire a feitheamh ón gCaoláire go dtí an Cheathramha Rua agus gur cuid don Iomaire Rua Cnuic Mhám Tuirc, na Cnuic bhreaca, Cnoc Uirid, Cnoc an Daimh, agus Leitir Mór na Coille. Deir Seán go dtiocfaidh cogadh mór - an cogadh deiridh - chomh fada leis an Iomaire Rua agus nach dtiocfa sé níos faide, go mbeadh ruaig ar na Gaedhil chomh fada leis an Iomaire Rua. Fearfar an chaith deiridh ar an taobh ó thuaidh is Chnoc Uirid idir an cnoc agus Droicheadh an Úcaire. Tá Droicheadh an Úcaire ar a bhain an Úcaire a shileas isteach i Loch Uirid ó Log an Úcaire.